AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2024
C(2024) 1300 final

**Teachtaireacht ón gCoimisiún**

**lena gceartaítear na Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe**

**Teachtaireacht ón gCoimisiún**

**lena gceartaítear na Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe**

**Cúlra**

Glacadh na Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe[1] (‘na Treoirlínte’) an 14 Nollaig 2022. Chuir an Coimisiún i bhfeidhm iad an 1 Eanáir 2023.

Tá earráidí i ngach leagan teanga de na Treoirlínte, agus tá tionchar acu ar chur chun feidhme na bpointí sin. Thairis sin, tá earráidí breise sna leaganacha Bulgáirise, Seicise, Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise, Rómáinise agus Slóvaicise, earráidí a bhaineann go sonrach leis na leaganacha teanga sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na hearráidí sin a cheartú.

Chun mearbhall a sheachaint maidir leis na coinníollacha a leagtar amach sna pointí sna Treoirlínte a ndearna na hearráidí difear dóibh, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an gceartú. Dá bhrí sin, tiocfaidh na ceartúcháin seo a leanas ar na Treoirlínte i bhfeidhm go cúlghabhálach an 1 Eanáir 2023.

Ceartaítear na Treoirlínte mar a leanas:

(1) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(2) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (22):

> ‘(22). Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le cabhair d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus, i bprionsabal, d’fhiontair mhóra freisin. Mar sin féin, is gnách gur lú an tionchar a bhíonn ag cliseadh margaidh ar fhiontair mhóra ná ar FBManna. Thairis sin, is mó seans go mbeidh fiontair mhóra in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus i gceantair thuaithe ina ngníomhaithe móra ar an margadh agus, dá bhrí sin, i gcásanna sonracha, d’fhéadfadh cabhair a dheonaítear d’fhiontair mhóra an iomaíocht agus an trádáil sa mhargadh inmheánach a shaobhadh go háirithe. Ós rud é go bhféadfadh saobhadh comhchosúil ar an iomaíocht a bheith mar thoradh ar chabhair d’fhiontair mhóra in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i gceantair thuaithe agus d’fhiontair mhóra eile, déantar na rialacha maidir le Státchabhair d’fhiontair mhóra sna Treoirlínte seo a chomhchuibhiú leis na rialacha ginearálta maidir le Státchabhair, agus tá siad faoi réir an mheasúnaithe comhoiriúnachta de bhun Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh mar a thuairiscítear i gCaibidil 3 den Chuid seo. Maidir le bearta cabhrach d’earnáil an bheostoic de bhun Chuid II, Roinn 1.3.3. de na Treoirlínte seo, nach dtagann

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe’ (IO C 485, 21.12.2022, lch. 1).

faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2021/2115, cloíonn an Coimisiún leis an mbeartas a bhí aige roimhe seo gur cheart d'fhiontair mhóra a bheith in ann costais na mbeart sin a mhaoiniú iad féin. Dá bhrí sin, ba cheart cabhair in earnáil an bheostoic a bheith teoranta do FBManna.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (33)(3):

'(3) ciallaíonn 'teagmhas díobhálach aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha' dálaí aimsire neamhfhabhracha amhail sioc, stoirmeacha agus clocha sneachta, oighear, báisteach throm nó sheasta nó triomach dian a scriosann, i gcás na talmhaíochta, breis agus 30 % den mheántáirgeadh a ríomhtar ar bhonn na tréimhse 3 bliana nó 4 bliana roimhe sin nó den mheántáirgeadh a ríomhtar ar bhonn na tréimhse 5 bliana nó 8 mbliana roimhe sin, seachas an iontráil is airde agus is ísle; i gcás na foraoiseachta, níos mó na 20 % den acmhainneacht foraoiseachta;';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (41):

'(41) Cé is moite de chabhair de bhun phointe (499) de Chuid II agus Caibidil 3 de Chuid II de na Treoirlínte seo, tá feidhm ag na dálaí comhoiriúnachta ghinearálta sin maidir le gach cabhair a chumhdaítear leis na Treoirlínte seo, mura bhforáiltear do mhaoluithe i Roinn 3.1 agus i Roinn 3.2 den Chuid seo, de bharr cúinsí áirithe is infheidhme in earnáil na talmhaíochta.';

(6) ceartaítear pointe (55) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'De mhaolú ar phointí (50) go (53), ní gá éifeacht dreasachta a bheith ag na catagóirí cabhrach seo a leanas nó meastar go bhfuil éifeacht dreasachta acu:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (q):

'(q) cabhair do na costais a bhaineann le cóireáil agus leathadh lotnaidí, galar crann agus speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus cabhair chun an damáiste de dheasca na lotnaidí, na ngalar crainn agus na speiceas coimhthíoch ionrach sin a shlánú i gcomhréir le Cuid II, Roinn 2.8.1.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (71):

'(71) Chun críocha na dTreoirlínte seo, measann an Coimisiún nach bhfuil na cuspóirí ionchasacha á mbaint amach ag an margadh gan idirghabháil ón Stát a bhaineann leis na bearta cabhrach lena gcomhlíontar na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gCuid II. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil gá leis an gcabhair sin.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (84):

'(84) I bprionsabal, chun go mbeidh an chabhair comhréireach, measann an Coimisiún nár

cheart don mhéid cabhrach dul thar na costais incháilithe. Is amhlaidh sin gan dochar do rialacha maidir le dreasachtaí chomhshaoil agus dreasachtaí poiblí eile dá bhforáiltear go sainráite i gCuid II, Ranna 1.3.1.1. agus 2.3.';

(9) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(10) i bpointe (157), pointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:

Na coinníollacha a leagtar amach sa phointe (c) seo, níl feidhm acu maidir le hinfheistíocht i suiteáil atá ann cheana agus a bhfuil éifeacht aici ar éifeachtúlacht fuinnimh nó ar infheistíocht a bhaineann le taiscumar uisce a chruthú nó ar infheistíocht a bhaineann le huisce athchúrsáilte a úsáid nach mbeidh éifeacht aige ar dhobharlach screamhuisce nó uisce dromchla;';

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (144):

'(144) Measfaidh an Coimisiún cabhair i gcomhair infheistíochtaí i ngabháltais talmhaíochta atá nasctha le táirgeadh príomhúil talmhaíochta a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh má chomhlíontar Cuid I, Caibidil 3, de na Treoirlínte seo, an coinníoll ginearálta le haghaidh cabhair infheistíochta a leagtar amach i bpointe (143) agus na coinníollacha a leagtar amach sa Roinn seo léi.'

(12) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(13) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(14) i bpointe (176), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) infheistíochtaí a bhfuil baint acu le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid dá dtagraítear i bpointí (152) (e), (f) agus (g) nó, infheistíochtaí i bhfabhar táirgí talmhaíochta a phróiseáil atá nasctha le feabhas a chur ar leas ainmhithe;';

(15) i bpointe (193), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) grúpaí táirgeoirí nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 67(3) de Rialachán (AE) 2021/2115 nó grúpaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais táirgeoirí nach luíonn a gcuspóirí le hAirteagal 152(1)(c), Airteagal 156 agus Airteagal 161 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.';

(16) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (267):

'(267) Tá cabhair le haghaidh infheistíochtaí sa táirgeadh príomhúil agus i dtáirgí orgánacha a phróiseáil agus a mhargú faoi réir fhorálacha Ranna 1.1.1.1 agus 1.1.1.3 den Chuid seo.';

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (318):

‘(318) I gcás oibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (315)(c) arb é atá iontu infheistíochtaí, ní mór don chabhair a bheith teoranta d’uasdéine cabhrach na cabhrach infheistíochta, mar a shonraítear sa Roinn ábhartha maidir le cabhair infheistíochta.’;

(19) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(20) i bpointe (361), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(i):

‘(i) clár poiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach chun an galar ainmhithe, an lotnaid plandaí nó an speiceas coimhthíoch ionrach lena mbaineann a chosc, a rialú nó a dhíothú;’;

(21) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (399):

‘(399) An chabhair agus aon íocaíocht eile a fhaightear mar chúiteamh ar chostais indíreacha dá dtagraítear i bpointe (393)(b), lena n-áirítear íocaíochtaí de bhun bearta eile náisiúnta nó bearta eile de chuid an Aontais, nó polasaithe árachais le haghaidh damáiste a ndeonaítear an chabhair ina leith, ní rachaidh sí thar 100 % de na costais incháilithe.’;

(23) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (444):

‘(444) Tá na forálacha maidir le costais incháilithe agus maidir le déine cabhrach a leagtar síos i Roinn 1.3.1.1 infheidhme, cé is moite de na costais dá dtagraítear i bpointe (432).’

(25) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(26) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

(27) (ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge).